An Roinn Oideachais
Department of Education

**Ciorclán 0017/2023**

## Chuig Boird Bhainistíochta agus Ceannairí Scoile, Baill Foirne Teagaisc na mBunscoileanna agus na Scoileanna Speisialta agus Príomhfheidhmeannaigh na BOOanna

## Seoladh *Chreat Curaclaim na Bunscoile*

### 1. Réamhrá

Chuir Curaclam na Bunscoile (1999) eispéiris teagaisc agus foghlama a bhí leathan agus saibhir ar fáil dár leanaí. Sna cúig bliana fichead ó forbraíodh agus ó seoladh é, tá cuid mhór tar éis athrú sa domhan seo againne agus inár seomraí ranga. Aithnítear i bhfad níos mó go hidirnáisiúnta an gá atá ann chun tacú le gach leanbh le bheith faoi bhláth agus faoi rath, chun tacú leo barr a gcumais a bhaint amach mar dhaoine aonair agus mar bhaill de phobail agus den tsochaí le linn na hóige. Cuireann an comhthéacs seo an réasúnaíocht ar fáil le hathbhreithniú agus athfhorbairt leanúnach a dhéanamh ar Churaclam na Bunscoile.

### *2. Creat Curaclaim na Bunscoile*

Sheol an tAire *Creat Curaclaim na Bunscoile* ar an 9ú Márta 2023. Tá an Creat seo do na bunscoileanna agus na scoileanna speisialta uile agus tabharfaidh sé treoir do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile ina gcuid oibre le feabhas a chur ar an bhfoghlaim, an teagasc agus an measúnú do na leanaí uile.

Tá *Creat Curaclaim na Bunscoile* forbartha ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) trí chur chuige comhoibríoch, arna thacú ag taighde, obair mharthanach le pobail scoile, comhairliúchán leathan agus cuid mhór breithniúcháin. Léiríonn na guthanna ón gcomhairliúchán maidir leis an gCreat, go háirithe guthanna na leanaí, an gá atá ann do churaclam a thacaíonn leis na leanaí uile, a cheiliúrann eispéiris reatha a n-óige, agus a dhéanann iad a ullmhú le haghaidh a n-eispéireas amach anseo.

Sa Chreat, leagtar amach an fhís, na prionsabail agus na gnéithe de Churaclam na Bunscoile athfhorbartha. Léiríonn sé an chomhthuiscint atá againn maidir leis na gnéithe dearfacha éagsúla den oideachas inár mbunscoileanna agus scoileanna speisialta.

**Cad iad na príomhghnéithe de *Chreat Curaclaim na Bunscoile*?**
An Creat:

- is do gach bunscoil agus scoil speisialta atá sé
- leagtar amach ann an fhís agus na prionsabail do churaclam athfhorbartha
- cuirtear i láthair ann na príomhchumais d'fhoghlaim na leanaí
- leagtar amach ann na príomhthréithe agus na príomhghnéithe le Curaclam na Bunscoile a athfhorbairt ina iomláine, ag tabhairt mionsonraí faoi réimsí agus ábhair an churaclaim; agus na híos-leithdháiltí ama

**Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 RC96**
Marlborough St, Dublin 1, D01 RC96
T +353 1 889 2193 | CAP_Helpdesk@education.gov.ie
www.education.ie

- cuirtear i láthair ann agus cuirtear leis na gnéithe foghlama lena n-áirítear Oideachas ETIM, Nuatheangacha Iasachta agus Oideachas Ealaíon i gcoitinne
- cuirtear níos mó béime ar réimsí atá ann cheana féin ar nós Corpoideachas agus Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS)
- cuirtear gníomhaíocht agus solúbthacht níos mó do mhúinteoirí agus leanaí.

Nascann *Creat Curaclaim na Bunscoile* le heispéiris foghlama a chuirtear ar fáil trí na téamaí de *Aistear: an Creat Curaclaim Luath-óige* agus déantar é a cheangal leis an *gCreat don tSraith Shóisearach*. Tacaíonn sé le leanúnachas na n-eispéireas d'fhoghlaimeoirí ó na luathbhlianta go dtí tús na sraithe sinsearaí.

De réir mar a théannn athfhorbairt iomlán an churclaim ar aghaidh, déanfaidh an CNCM forbairt ar shonraíochtaí curaclaim nua do na cúig réimse curaclaim, mar atá leagtha amach thíos, agus dá n-ábhair ghaolmhara. Beidh na sonraíochtaí seo ar fáil do scoilbhliain 2025/2026:

- Teanga (tugtha suas chun dáta chun Nuatheangacha Iasachta (NTI) a chur san áireamh i gcéimeanna 3 agus 4)
- Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (ETIM)
- Folláine
- Oideachas Ealaíon
- Oideachas Sóisialta agus Comhshaoil (Stair agus Tíreolaíocht)

Tabharfar faoi thaighde chun tacú le gach ceann de na sonraíochtaí curaclaim nua sna míonna amach romhainn agus foilseofar iad ar shuíomh gréasáin an CNCM nuair atá siad curtha i gcrích. Chomh maith leis sin, leanfar leis an obair le scoileanna chun smaointe a threorú agus chun dul i bhfeidhm orthu do Churaclam na Bunscoile athfhorbarhta. Tá guthanna na múinteoirí, na gceannairí scoile agus na leanaí fós lárnach do phróiseas forbartha an churaclaim. Tabharfar faoi chomhairliúchán freisin leis na comhpháirtithe agus na páirtithe leasmhara oideachais eile uile.

## 3. Ag tacú le múinteoirí agus le ceannairí scoile chun dul i ngleic le *Creat Curaclaim na Bunscoile*

Agus *Creat Curaclaim na Bunscoile* á thabhairt isteach, is gá do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí dul i ngleic agus éirí cleachta le struchtúr agus le hábhar an Chreata ag leibhéal na scoile uile. Aithnítear go mbeidh am agus tacaíocht ag teastáil ó mhúinteoirí agus ó cheannairí scoile le héirí cleachta le hábhair an Chreata. Moltar dóibh an Creat a léamh, é a phlé le comhghleacaithe, leas a bhaint as deiseanna forbartha gairmiúla, agus dul i ngleic leis na hábhair tacaíochta atá foilsithe.

Chun tuiscint na múinteoirí agus na gceannairí uile ar an gCreat a fhorbairt, leanfaidh seirbhísí tacaíochta na Roinne Oideachais ag cur shraith a deiseanna forbartha gairmiúla ar fáil ag leibhéal na bunscoile, ag tarraingt naisc anois le hábhar an Chreata. Cuirfear forbairt ghairmiúil dhiscréideach ar fáil freisin do gach ceann de shonraíochtaí an réimse churaclaim atá le tarlú go luath.

Beidh cóip chrua den Chreat ann do gach múinteoir agus ceannaire scoile sna scoileanna sna seachtainí amach romhainn. Tá an scoil le dúnadh ar feadh leathlae chun é a éascú le hathbhreithniú na scoile uile a dhéanamh ar an gCreat. Ba chóir an scoil a dhúnadh dó seo roimh dheireadh scoilbhliain 2022/2023. Is féidir le scoileanna cinneadh a dhéanamh maidir leis an leathlá a oireann a bhféilire scoile. Tá an rogha ag scoileanna an dúnadh seo a bheith acu in éineacht le dúnadh leathlae do sheimineár gréasáin *Churaclam Teanga na Bunscoile* i scoilbhliain 2022/23.

Chun tacú le rannpháirteachas leathlae, cuirtear na hacmhainní seo a leanas ar fáil do scoileanna:

- Físeán idirgníomhaireachta chun na príomhtheachtaireachtaí de *Chreat Curaclaim na Bunscoile* a chur i láthair http://www.curriculumonline.ie/Primary/Primary-Curriculum-FRamework/
- Físeán faoi *Chreat Curaclaim na Bunscoile*. Tá an físeán deartha chun breathnú air in éineacht leis an bhfíseán idirghníomhaireachta.

Tacóidh na hacmhainní seo le múinteoirí agus le ceannairí scoile le heolas a chur ar an gCreat agus le plé gairmiúil i measc na mball foirne uile a spreagadh agus iad ag obair trí dhoiciméad an Chreata le chéile.

Tá forbairt á déanamh ar acmhainní eile, ar nós faisnéis chun cuidiú le scoileanna cumarsáid a dhéanamh maidir leis an gcuraclam le tuismitheoirí agus leis an bpobal scoile i gcoitinne.

I rith an idirthréimhse ó sheoladh an Chreata go dtí go dtugtar isteach na sonraíochtaí i scoilbhliain 2025/2026, moltar do scoileanna dul i ngleic leis an gCreat sa chaoi is fearr a n-oireann dóibh. Agus iad ag éirí cleachta leis an gCreat, b'fhéidir gur mian le scoileanna:

- Na leithdháiltí ama atá molta a chur i bhfeidhm ina bhfuil mionsonraí faoin íos-am curaclaim agus faoin am solúbtha;
- Machnamh a dhéanamh ar phrionsabail na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe agus conas d'fhéadfaí machnamh a dhéanamh orthu i bpleanáil agus i gcleachtas scoile;
- Na príomhchumais agus deiseanna a mheas chun tuilleadh feabhais a chur ar an bhfoghlaim tríothu;
- Na ráitis faoin bhfoghlaim, teagasc agus measúnú a mheas agus conas a thógann siad ar an gcleachtas reatha agus conas a chuireann siad leis.

## 4. Forbairtí curaclaim bunscoile eile

### (i) Curaclam Matamaitice na Bunscoile

Beidh Curaclam Matamaitice na Bunscoile á sheoladh sna míonna amach romhainn. Tá forbairt á déanamh ar chlár cuimsitheach d'fhorbairt ghairmiúil chun tacú le Curaclam Matamaitice na Bunscoile a thabhairt isteach.

### (ii) Curaclam Teanga na Bunscoile

Chun *Curaclam Teanga na Bunscoile* a dhaingniú agus a chur i bhfeidhm níos mó sna bunscoileanna agus sna scoileanna speisialta uile, tá tacaíocht mharthanach á cur ar fáil

go fóill ag an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (ar a dtabharfar Oide ó mhí Mheán Fómhair 2023), i gcás na mbunscoileanna nó ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta i gcás na scoileanna speisialta.

### (iii) Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim

Tacaíonn an Treoir ar an Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim leis na bunscoileanna agus na scoileann speisialta uile agus iad ag ullmhú le húsáid a bhaint as curaclam foghlama bunaithe ar thorthaí. Tá sé mar aidhm aici an bhéim ar an bpáipéarachas a laghdú, tríd an raon leathan gníomhaíochtaí a mbíonn múinteoirí rannpháirteach iontu roimh an teagasc, i rith agus i ndiaidh an teagaisc, a chur in iúl agus meas a léiriú orthu. Tugann an treoir seo tuilleadh tacaíochta do *Riail 126* ina leagtar amach na hionchais i dtéarmaí na pleanála fadtréimhsí (mar shampla, gach téarma nó gach bliain), na pleanála gearrthréimhsí (mar shampla, gach seachtain, gach coicís nó gach mí) agus na dtaifead mhíosúla ar an dul chun cinn.


## 5. Tuilleadh Eolais

Chun rochtain a dhéanamh ar an leagan ar líne de *Chreat Curaclaim na Bunscoile* agus na hacmhainní gaolmhara, tabhair cuairt le do thoil ar:

https://www.curriculumonline.ie/Primary/?lang=ga-ie

Chun tuilleadh a fhoghlaim faoin bpróiseas forbartha do *Chreat Curaclaim na Bunscoile,* tabhair cuairt le do thoil ar:
https://ncca.ie/ga/bunscoil/bunfhorbairt%C3%AD/curaclam-na-bunscoile-a-athbhreithni%C3%BA-agus-a-athfhorbairt/

Le haghaidh tuilleadh eolais ar athbhreithniú agus athfhorbairtí ar bhunscoileanna, tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin an CNCM.




Evelyn O’Connor
Príomhoifigeach – An tAonad um Beartais Churaclaim agus Measúnachta

**An Roinn Oideachais**

9 Márta 2023